Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**10170/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0400 (COD)**

**CODEC 1019**
**INST 250**
**JUR 291**
**CLIMA 179**
**TELECOM 161**
**DEVGEN 130**
**EMPL 363**
**SOC 472**
**ENER 281**
**ENV 599**
**STATIS 32**
**ECOFIN 525**
**DRS 40**
**EF 123**
**MI 489**
**ENT 150**
**CHIMIE 58**
**AGRILEG 110**
**IND 160**
**COMPET 488**
**MAP 13**
**POLARM 6**
**COARM 153**
**CSDP/PSDC 311**
**CFSP/PESC 508**
**CONSOM 254**
**SAN 248**
**JUSTCIV 145**
**AVIATION 88**
**TRANS 262**
**MAR 125**
**UD 150**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5623/17 + ADD 1 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht |

## I. RÉAMHRÁ

1. Tráth ar glacadh Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin, gheall an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar na forálacha i ndáil leis an nós imeachta sin, d'fhonn iad a oiriúnú in am trátha i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ag teacht leis an ngealltanas sin, thíolaic an Coimisiún trí thogra reachtacha le haghaidh ailíniú cothrománach in 2013 (Omnibus I, Omnibus II agus Omnibus III)[1]. De bharr an stad sa chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis na comhaid sin áfach, tharraing an Coimisiún siar iad[2], mar a fógraíodh ina Chlár Oibre 2015[3].

2. Sa Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach ar Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[4] (dá ngairfear 'CII' anseo feasta), "*aithníonn na trí Institiúid go bhfuil gá leis an reachtaíocht uile atá ann cheana a ailíniú leis an gcreat reachtach a tugadh isteach le Conradh Liospóin, agus go háirithe an gá atá le hardtosaíocht a thabhairt d'ailíniú pras ar na gníomhartha bunúsacha uile atá fós ag tagairt don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú*."[5]

---

1 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear in oiriúint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (COM(2013) 451 final); Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear in oiriúint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh roinnt gníomhartha dlíthiúla i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (COM(2013) 452 final); agus Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear in oiriúint d'Airteagal 290 agus d'Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (COM(2013) 751 final).

2 (2015/C 80/08), IO C 80, 7.02.2015, lch. 17.

3 COM(2014) 910 final

4 IO L 123, 12.5. 2016, lch. 1

5 Ibid, ag pointe 27.

3. Tá an Nós Imeachta Rialúcháin lena ngabhann Grinnscrúdú (dá ngairtear "NIRG" anseo feasta), fós le feiceáil i roinnt gníomhartha bunúsacha agus leanann sé d'fheidhm a bheith aige (i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán 182/2011) sna gníomhartha sin go dtí go leasófar iad go foirmiúil lena gcur in oiriúint do Chonradh Liospóin. I ndáil leis sin, thíolaic an Coimisiún dhá thogra chun na gníomhartha uile sin atá fágtha ina dtagraítear don NIRG a oiriúnú do Chonradh Liospóin. Le COM (2016)799[6] moltar 168 gníomh a oiriúnú lena gcumhdaítear 13 ranna éagsúla, agus le COM (2016)798[7] féachtar le 3 cinn de ghníomhartha a oiriúnú i réimse an Cheartais. Gníomhartha a bhfuil tagairt don NIRG iontu agus atá faoi réir athbhreithniú ar leith nó a bhfuil athbhreithniú á bheartú dóibh, ní áirítear sna Tograí iad[8]. Is é atá i gceist leis an gcur chuige leasuithe téacs ar gach uile cumachtú.

4. D'eisigh an Coimisiún leagan Béarla na dTograí an 14 Nollaig 2016 agus eisíodh na leaganacha de COM (2016) 799 sna teangacha eile an 7 Márta 2017 agus de COM (2016)798 an 13 Márta 2017.

5. D'fhonn leibhéal iomchuí comhordaithe agus cur chuige comhsheasmhach a áirithiú, chinn Uachtaránacht Mhálta an mheitheal "Cairde na hUachtaránachta" a ghníomhachtú chun scrúdú a dhéanamh ar na tograí agus measúnú a dhéanamh, i gcomhair gach gníomh dlíthiúil ar leith, ar an oiriúnú a bhí beartaithe ag an gCoimisiún. Ghníomhachtaigh COREPER Meitheal "Cairde na hUachtaránachta" ("Oiriúnú NIRG") an 1 Feabhra 2017[9].

---

6 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. 5623/17 + ADD 1 REV 1

7 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. 5705/17 + ADD 1

8 Chuir an Coimisiún liosta de na gníomhartha sin i bpointe 3 den Mheabhrán Míniúcháin de COM (2016) 799 final.

9 Féach 5707/17

6. Thosaigh Meitheal “Cairde na hUachtaránachta” (Oiriúnú NIRG) (dá ngairfear ‘FoP’ anseo feasta) an plé foirmiúil maidir le COM (2016)799 (dá ngairfear ‘Togra oiriúnaithe NIRG’ anseo feasta), ar an 20 Márta 2017. Pléadh Togra oiriúnaithe NIRG i gcúig cinn de chruinnithe FoP, an 20 Márta, an 7 Aibreán, an 2 Bealtaine, an 29 Bealtaine agus an 9 Meitheamh 2017.

7. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus Coiste na Réigiún an 13 Márta 2017. D’fhreagair an Banc Ceannais Eorpach an Chomhairle an 24 Aibreán 2017 a rá nach raibh sé ar intinn aige tuairim a thíolacadh maidir leis na tograí ón gCoimisiún, agus thíolaic CESE a thuairim ar an 2 Meitheamh 2017.

8. Dhírigh Uachtaránacht Mhálta ar na hAirteagail Ghinearálta, agus ar 10 gcinn de na 13 ranna san Iarscríbhinn, eadhon:

I. An tAthrú Aeráide

II. Líonraí Cumarsáide, Inneachar agus Teicneolaíocht

III. Cabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta

IV. Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta

V. Fuinneamh

VI. Comhshaol

VII. Cobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

VIII. An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

IX. Ceartas agus Tomhaltóirí

X. Cánachas agus an tAontas Custaim

9. I bhfianaise thoirt thogra oiriúnaithe NIRG, roimh gach cruinniú FoP, d'iarr Uachtaránacht Mhálta ar na toscaireachtaí seasamh a chur in iúl ar bhonn an mheasúnaithe dhlíthiúil arna chur ar fáil ag an Uachtaránacht, le hionchur ó Sheirbhís Dlí na Comhairle (SDC), chun a mheasúnú an raibh gach cumhachtú sa togra ón gCoimisiún go hinghlactha ó thaobh dlí de i ndáil leis na Ranna lena mbaineann. Chuir na toscaireachtaí a mbarúlacha in iúl i scríbhinn.

**10.** Dhírigh na cruinnithe ar na forálacha sin ar ceapadh go raibh gá le plé a dhéanamh ina leith. Maidir le forálacha dá raibh tacaíocht leathan ina leith i ndáil le measúnú tosaigh na hUachtaránachta sna barúlacha i scríbhinn, níor pléadh iad sna cruinnithe[10]. Tar éis gach cruinnithe, tháinig an Uachtaránacht ar ais chuig na toscaireachtaí le moltaí don dréachtú do leasuithe a raibh gá leo de réir chonclúidí sealadacha na gcruinnithe bunaithe ar sheasaimh na dtoscaireachtaí, idir an méid a cuireadh i scríbhinn agus a an méid a dúradh sna cruinnithe FoP.

## II. STAID REATHA NA dTRÍ hAIRTEAGAL GHINEARÁLTA

11. Ní raibh aon bharúlacha ag aon Bhallstát maidir le hAirteagail Ghinearálta thogra oiriúnaithe NIRG, i.e. Airteagail 1 go 3, agus mar sin chinn an Uachtaránacht go raibh comhaontú chun bogadh ar aghaidh ann agus níor thug aon leasú isteach ar an togra ón gCoimisiún.

[10] Forálacha sonracha nach raibh beartaithe iad a phlé, bhí na Ballstáit in ann iad a lua ag deireadh gach Roinne.

## III. **<u>STAID REATHA NA hIARSCRÍBHINNE</u>**

ROINN I — GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE:

12. **Gníomh 1,** Treoir 2009/31/CE maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíd charbóin: D'aontaigh na Ballstáit go ndéanfaí an gníomh seo a bhaint as togra oiriúnaithe NIRG ós rud é go bhfuil sé á leasú le togra eile ar leith (COM (2016)789 final).

13. **Gníomh 2**, Cinneadh 406/2009/CE maidir le hiarrachtaí na mBallstát a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d'fhonn gealltanais an Chomhphobail suas go dtí 2020 a chomhlíonadh i ndáil le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú: D'aontaigh na Ballstáit go gcuirfí siar an plé maidir leis an ngníomh sin. Is é is cúis leis sin nach mian leo réamhbhreithiúnas a dhéanamh ar an idirphlé atá ar siúl faoi láthair maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill don tréimhse 2021-2030 (COM (2016)482 final/2), a bhfuil cumhachtuithe den chineál céanna ann.

14. **Gníomh 3**, Rialachán 1005/2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin: I gcás go leor de na cumhachtuithe atá á moladh ag an gCoimisiún, is léir gurbh fhearr leis na toscaireachtaí gníomhartha tarmligthe a chur ina n-ionad. Chinn an Uachtaránacht go sealadach gur cheart tarmligean na cumhachta a theorannú do 5 bliana, agus go bhféadfaí athnuachan intuigthe a bheith ann i gcomhréir le Rogha 2 de CII mhí Aibreáin 2016 (rogha 2). Maidir leis an gcumhachtú i gcásanna eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme nó go mbainfeadh sí an cumhachtú.

15. D'fhill an Uachtaránacht le moltaí maidir le dréachtú inar léiríodh na hathruithe thuasluaite le haghaidh Roinn I, Gníomhú ar son na hAeráide, ar an 28 Aibreán 2017 agus iarradh ar na toscaireachtaí a dtuairimí a thabhairt. Thug an Uachtaránacht dá haire gur thacaigh na Ballstáit leis na moltaí don dréachtú a cuireadh faoi bhráid na dtoscaireachtaí ar an 28 Aibreán 2017, cé gur chuir sí san áireamh moladh sonrach amháin maidir le dréachtú i gcás gníomh 3, go háirithe an aithris agus Airteagail 23 agus 24.

ROINN II - LÍONRAI CUMARSÁIDE, INNEACHAR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

16. **Gníomh 4**, Treoir 2002/58/CE um phríobháideachas agus cumarsáid leictreonach: Cuireadh togra ar leith (COM (2017) 10 final) in ionad an ghnímh seo agus dá bhrí sin chinn an Uachtaránacht go mbainfí an Gníomh seo ó chleachtas oiriúnaithe NIRG.

17. **Gníomh 5**, Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 maidir leis an bhFearann Barrleibhéil .eu a chur chun feidhme: Bhí aontú i gcoitinne leis na cumhachtuithe a bheartaigh an Coimisiún do ghníomhartha tarmligthe. Thairis sin, chinn an Uachtaránacht go sealadach gur cheart an tarmligean a theorannú chuig 5 bliana, leis an deis go mbeadh athnuachan intuigthe (rogha 2).

18. **Gníomh 6**, Cinneadh Uimh. 626/2008/CE maidir le córais a sholáthraíonn seirbhísí satailíte soghluaiste a roghnú agus a údarú (Cinneadh MSS): Ós rud é nach bhfuarthas aon bharúlacha ó na Ballstáit, níor moladh aon leasuithe ar an togra ón gCoimisiún.

19. D'fhill an Uachtaránacht le moltaí maidir le dréachtú inar léiríodh na hathruithe a ndearnadh cur síos orthu thuas le haghaidh Roinn II, Líonraí Cumarsáide, Inneachar agus Teicneolaíocht ar an 28 Aibreán 2017 agus iarradh ar na toscaireachtaí a dtuairimí a thabhairt. Ag tabhairt dá haire an tacaíocht ghinearálta ó na Ballstáit maidir leis an bhfoclaíocht atá beartaithe, mheas an Uachtaránacht nach raibh gá le tuilleadh athruithe.

ROINN III - CABHAIR DHAONNÚIL AGUS COSAINT SHIBHIALTA

20. Maidir le Roinn III, tar éis seasaimh na mBallstát ar cuireadh isteach sna tuairimí scríofa uathu, chinn an Uachtaránacht go bhfuil comhaontú ann gan leasuithe a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún ionas gur féidir bogadh ar aghaidh.

ROINN IV - FOSTAÍOCHT, GNÓTHAÍ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

21. Ós rud é go bhfuil struchtúr comhchosúil ag na gníomhartha faoi Roinn IV, pléadh tuairimí cothrománacha le linn chruinniú Mheitheal Chairde na hUachtaránachta agus chinn an Uachtaránacht go sealadach de réir mar a leanas:

    a) ba cheart na cumhachtuithe faoin roinn seo a shainiú tuilleadh.

    b) ba cheart tarmligean na cumhachta a theorannú go cúig bliana le hathnuachan intuigthe (rogha 2).

    c) ba cheart an cleachtas reatha dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a choinneáil.

22. **Gníomh 8**, Treoir 89/391/CEE ón gComhairle maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh: Measadh gurb iomchuí é an cumhachtú a mhol an Coimisiún faoin ngníomh seo a scriosadh mar téann sé thar raon feidhme ailíniú le Conradh Liospóin.

23. **Gníomh 9**, Treoir 89/654/CEE ón gComhairle maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte don láthair oibre: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

24. **Gníomh 10**, Treoir 89/656/CEE ón gComhairle maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta d'úsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe ar an láthair oibre: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

25. **Gníomh 11**, Treoir 90/269/CEE ón gComhairle maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta chun ualaí a láimhseáil de láimh má tá riosca ann go háirithe de ghortú droma d'oibrithe: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

26. **Gníomh 12**, Treoir 89/654/CEE ón gComhairle maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

27. **Gníomh 13**, Treoir 92/29/CEE ón gComhairle maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte chun cóir leighis níos fearr ar bord long a chur chun cinn: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

28. **Gníomh 14**, Treoir 92/57/CEE ón gComhairle maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte ag láithreáin tógála shealadacha nó soghluaiste: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

29. **Gníomh 15**, Treoir 92/58/CEE ón gComhairle maidir leis na híoscheanglais chun comharthaí sábháilteachta agus/nó sláinte a sholáthar ag an obair: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

30. **Gníomh 16**, Treoir 92/91/CEE ón gComhairle maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte oibrithe sna tionscail asbhainte mianraí trí dhruileáil a fheabhsú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

31. **Gníomh 17**, Treoir 92/104/CEE ón gComhairle maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte sna tionscail asbhainte mianraí ar an dromchla agus faoi thalamh a fheabhsú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

32. **Gníomh 18**, Treoir 93/103/CE ón gComhairle maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair ar bord long iascaireachta: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

33. **Gníomh 19**, Treoir 94/33/CE ón gComhairle maidir le cosaint daoine óga ag an obair: Bhí comhaontú ginearálta leis an togra ón gCoimisiún agus dá bhrí sin níor measadh ach na leasuithe cothrománacha dá dtagraítear thuas a bheith riachtanach i dtaca leis an ngníomh seo.

34. **Gníomh 20**, Treoir 98/24/CE ón gComhairle maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis na cumhachtuithe chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus an nós imeachta práinne á choinneáil.

35. **Gníomh 21**, Treoir 92/104/CEE maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte oibrithe a d'fhéadfadh bheith i mbaol ó atmaisféir phléascacha a fheabhsú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

36. **Gníomh 22**, Treoir 2000/54/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé oibreán bitheolaíoch ag an obair: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht maidir le hIarscríbhinn I, Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn VI, Iarscríbhinn VIII agus Iarscríbhinn IX a scriosadh. Coinníodh an deis ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinní II go dtí IV agus Iarscríbhinn VII a leasú agus ag an am céanna baineadh tagairtí don nós imeachta práinne.

37. **Gníomh 23**, Treoir 2002/44/CE maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (creathadh): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

38. **Gníomh 24**, Treoir 2003/10/CE maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (torann): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

39. **Gníomh 25**, Treoir 2004/37/CE ar chosaint oibrithe ó na priacail a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

40. **Gníomh 26**, Treoir 2002/44/CE maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (radaíocht optúil shaorga): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus tagairtí don nós imeachta práinne á mbaint.

41. **Gníomh 27**, treoir 2009/104/CE maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ag an obair: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

42. **Gníomh 28**, Treoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé aispeiste ag an obair: Bhí comhaontú ginearálta leis an togra ón gCoimisiún agus dá bhrí sin níor measadh ach na leasuithe cothrománacha dá dtagraítear thuas a bheith riachtanach i dtaca leis an ngníomh seo.

43. D'fhill an Uachtaránacht le moltaí maidir le dréachtú ina léiríodh na hathruithe a ndearnadh cur síos orthu thuas le haghaidh Roinn IV, Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta ar an 12 Bealtaine 2017 agus iarradh ar na toscaireachtaí a dtuairimí a thabhairt. Ag tabhairt dá haire an tacaíocht ghinearálta ó na Ballstáit maidir leis an bhfoclaíocht atá beartaithe, mheas an Uachtaránacht nach raibh gá le tuilleadh athruithe.

44. **Gníomh 29**, Treoir 2009/73/CE maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha: Measadh gur cheart an t-idirphlé maidir leis an ngníomh seo sa chleachtas oiriúnaithe NIRG a chur siar go dtí go mbeidh níos mó soiléireachta ann i dtaobh na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair maidir le tograí reachtacha i réimse an leictreachais, ar cuid den Phacáiste "Fuinneamh Glan do Mhuintir na hEorpa ar fad".

45. **Gníomh 30**, Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 maidir le coinníollacha rochtana ar líonraí tarchurtha gáis nádúrtha: Measadh gur cheart an t-idirphlé maidir leis an ngníomh seo sa chleachtas oiriúnaithe NIRG a chur siar go dtí go mbeidh níos mó soiléireachta ann i dtaobh na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair maidir le tograí reachtacha i réimse an leictreachais, ar cuid den Phacáiste "Fuinneamh Glan do Mhuintir na hEorpa ar fad".

46. **Gníomh 31**, Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

47. D'fhill an Uachtaránacht le moltaí maidir le dréachtú inar léiríodh na hathruithe a ndearnadh cur síos orthu thuas le haghaidh Roinn V, Fuinneamh ar an 19 Bealtaine 2017 agus iarradh ar na toscaireachtaí a dtuairimí a thabhairt. Ag tabhairt dá haire an tacaíocht ghinearálta ó na Ballstáit maidir leis an bhfoclaíocht atá beartaithe, mheas an Uachtaránacht nach raibh gá le tuilleadh athruithe.

48. **Gníomh 32**, Treoir 91/271/CEE ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhaireachtaí intíre a ghlacadh.

49. **Gníomh 33**, Treoir 91/676/CEE ón gComhairle maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le hIarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III agus an cumhachtú á choinneáil aici gníomhartha tarmligthe a ghlacadh á choinneáil aici maidir le hIarscríbhinn IV agus Iarscríbhinní V agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

50. **Gníomh 34**, Treoir 94/63/CE maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stóráil peitril agus óna dáileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

51. **Gníomh 35**, Treoir 96/59/CE ón gComhairle maidir le diúscairt défheinilí polaclóirínithe agus trífheinilí polaclóirínithe (PCB/PCT): I gcás an ghnímh seo, nach bhfuil ann ach cumhachtú amháin do NIRG, mhol an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a úsáid. Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

52. **Gníomh 36**, a bhaineann le Treoir 98/83/CE ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce a ceapadh lena ól ag an duine, ós rud é go dtíolacfaidh an Coimisiún athbhreithniú REFIT ar an treoir seo sa ráithe dheiridh de 2017: Chinn an Uachtaránacht go sealadach gur cheart an gníomh seo a chur siar go dtí go bhfaighfear níos mó soiléireachta maidir leis an athbhreithniú REFIT.

53. **Gníomh 37**, Treoir 2000/53/CE maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite: Tá an Treoir seo á leasú faoi láthair mar chuid den phacáiste don gheilleagar ciorclach (COM/2015/0593 final). I ndáil leis an méid sin, chinn an Uachtaránacht go dtógfar an gníomh amach as an gcleachtas oiriúnaithe NIRG. Pléifear na forálacha ábhartha ag an Meitheal um an gComhshaol a bhíonn ag déileáil leis an bpacáiste don gheilleagar ciorclach.

54. **Gníomh 38**, Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhaireachtaí intíre a ghlacadh i ndáil le hIarscríbhinn III agus Iarscríbhinn V; agus an cumhachtú á choinneáil aici gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le gníomhartha tarmligthe in Iarscríbhinn I, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2). Maidir leis an dá chumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

55. **Gníomh 39**, Treoir 2002/49/CE maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

56. **Gníomh 40**, Treoir 2004/42/CE maidir le hastaíochtaí de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha a theorannú, ar astaíochtaí iad a éiríonn as úsáid tuaslagóirí orgánacha i bpéinteanna agus i vearnaisí áirithe agus i dtáirgí ath-bhailchríochnaithe feithiclí: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

57. **Gníomh 41**, Treoir 2004/107/CE i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha san aer comhthimpeallach: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhaireachtaí intíre a ghlacadh a scriosadh.

58. **Gníomh 42**, Treoir 2006/7/CE maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2). Maidir le cumhachtú amháin eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

59. **Gníomh 43**, Treoir 2006/21/CE maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d’fhonn na hIarscríbhinní a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2); chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún trí na cumhachtaí chun gníomhaireachtaí intíre a ghlacadh a scriosadh.

60. **Gníomh 44**, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún trí na cumhachtaí chun gníomhaireachtaí intíre a ghlacadh a scriosadh.

61. **Gníomh 45**, Rialachán Uimh. 166/2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

62. **Gníomh 46**, Treoir 2007/2/CE lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (Inspire): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha tarmligthe do cheithre chumhachtú agus chun deireadh a chur le cumhachtú amháin eile agus chun an tuairisc ar na téamaí sonraí atá ann cheana a leasú

63. **Gníomh 47,** Treoir 2007/60/CE maidir le measúnú agus bainistiú baol tuilte: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhaireachtaí intíre a ghlacadh.

64. **Gníomh 48,** Treoir 2008/50/CE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhaireachtaí intíre a ghlacadh.

65. **Gníomh 49**, Treoir 2008/56/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d'fhonn Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a leasú, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2); agus go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an dá chumhachtú eile.

66. **Gníomh 50**, Rialachán (CE) 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2); Agus d'fhill sí le moltaí maidir le dréachtú chun a shonrú nach n-úsáidfear cumhachtú amháin a thuilleadh chun Iarscríbhinn a chur isteach, ach chun Iarscríbhinn a glacadh le déanaí a leasú.

67. **Gníomh 51**, Treoir 2009/126/CE maidir le gal pheitril Céim II a aisghabháil le linn mótarfheithiclí a athbhreoslú i stáisiúin pheitril: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

68. **Gníomh 52**, Treoir 2009/147/CE maidir le héin fhiáine a chaomhnú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhaireachtaí intíre a ghlacadh.

69. **Gníomh 53**, Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2) i dtaca le roinnt cumhachtuithe; Agus gníomhartha cur chun feidhme i dtaca le roinnt eile.

70. **Gníomh 54**, Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 maidir leis an Éicilipéad AE: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme i dtaca le dhá chumhachtú; agus bhí comhaontú ann an cumhachtú a choinneáil chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d'fhonn na hIarscríbhinní a leasú, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

71. D'fhill an Uachtaránacht le moltaí maidir le dréachtú inar léiríodh na hathruithe a ndearnadh cur síos orthu thuas le haghaidh Roinn VI, Comhshaol ar an 19 Bealtaine 2017 agus iarradh ar na toscaireachtaí a dtuairimí a thabhairt. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na barúlacha a fuarthas ó na Ballstáit, measann an Uachtaránacht nach gá aon athrú eile a dhéanamh.

ROINN VIII – COBHSAÍOCHT AIRGEADAIS, SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS agus AONTAS NA MARGAÍ CAIPITIL

*72.* **Gníomh 79**, Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

73. **Gníomh 80**, Treoir 2009/110/CE maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh, leanúint den ghnó sin, agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an Treoir, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2); agus go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an gcumhachtú eile.

74. Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht na moltaí riachtanacha maidir le dréachtú, lena léirítear na hathruithe a leagtar amach thuas ar Roinn VIII, a scaipeadh ar ball.

ROINN IX — AN MARGADH INMHEÁNACH

*75.* **Gníomh 81,** Treoir 75/324/CEE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1975 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le dáileoirí aerasóil: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

76. **Gníomh 82,** Treoir 76/211/CEE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le táirgí réamhphacáistithe áirithe a dhéanamh suas de réir meáchain nó toirte: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

*77.* **Gníomh 83,** Treoir 80/83/CEE an 20 Nollaig 1979 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le haonaid tomhais agus maidir le haisghairm Threoir 71/354/CEE: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d'fhonn an Iarscríbhinn a leasú, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2); agus go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an gcumhachtú eile.

*78.* **Gníomh 84,** Treoir 97/67/CE maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d'fhonn Iarscríbhinn II a leasú, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2); agus go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an gcumhachtú eile.

*79.* **Gníomh 85,** Treoir 2000/14/CE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh le húsáid lasmuigh: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

80. **Gníomh 86,** Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 maidir le leasacháin: Mhol an Coimisiún an Rialachán sin a aisghairm ina thogra le haghaidh Rialacháin lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 (COM/2016/0157 (Airteagal 47) agus dá bhrí sin cuirfear cumhachtú eile ina n-ionad sin. Ar an ábhar sin, measadh gur cheart Rialachán 2003/2003 a bhaint as an togra le haghaidh an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú.

*81.* **Gníomh 87,** Treoir 2004/9/CE maidir leis an dea-chleachtas saotharlainne a iniúchadh agus a fhíorú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

*82.* **Gníomh 88,** Treoir 2004/10/CE maidir le comhchuibhiú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le prionsabail dea-chleachtais saotharlainne a chur i bhfeidhm agus lena gcur i bhfeidhm a fhíorú i gcás tástálacha ar shubstaintí ceimiceacha: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

*83.* **Gníomh 89,** Treoir 2006/42/CE maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2) maidir leis an gcumhachtú i gcás amháin agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcás amháin eile.

84. **Gníomh 90**, Treoir 2006/123/CE maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

85. **Gníomh 91,** Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le clárú, meastóireacht, údarú agus srianadh ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún: Maidir leis an ngníomh seo, chinn an Uachtaránacht go sealadach chun é a bhaint as an gcleachtas le haghaidh an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú, i bhfianaise na ndeacrachtaí a chuir na Ballstáit in iúl maidir leis an gcumhachtú sin. Ní mór déileáil leis an gcomhad sin mar chomhad ar leith in ionad é a bheith ina chuid den chleachtas oiriúnaithe.

*86.* **Gníomh 92,** Treoir 2009/34/CE a bhaineann le forálacha coiteanna le haghaidh uirlisí tomhais agus modhanna rialaithe méadreolaíoch araon: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

87. **Gníomh 93,** Treoir 2009/43/CE lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal: In ainneoin gur chinn an Uachtaránacht go sealadach gan athruithe a mholadh faoi láthair maidir leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, beidh teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2) agus bainfear an moladh a bhí ann an nós imeachta práinne a úsáid.

88. **Gníomh 94,** Treoir 2009/48/CE maidir le sábháilteacht bréagán: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2) maidir leis an gcumhachtú i ngach aon chás seachas sa chás lena leasaítear Iarscríbhinn I, cás ina dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhachtú sin a scriosadh.

89. **Gníomh 95,** Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí faoi thiomáint hidrigine, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

90. **Gníomh 96,** Treoir 96/81/CE maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha poiblí, soláthair phoiblí agus seirbhíse poiblí ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta nó na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

91. **Gníomh 97,** Treoir 2009/125/EC lena mbunaítear creat i gcomhair ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú do tháirgí a bhaineann le fuinneamh: Maidir leis an gcumhachtú d'fhonn ceanglais éicidhearthóireachta a ghlacadh, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme. Maidir leis an gcumhachtú eile, i ndiaidh di tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gcás tar éis an chruinnithe, chinn an Uachtaránacht é a scriosadh i bhfianaise go raibh an tréimhse ama is infheidhme maidir leis an gcumhachtú istigh.

*92.* **Gníomh 98,** Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóiri agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh*:* Ós rud é go bhféadfadh an t-idirphlé maidir leis an gcumhachtú faoin ngníoimh seo réamhbhreith a dhéanamh ar an idirphlé atá ar siúl faoi láthair maidir le comhad Euro 5/6 (togra le haghaidh Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 maidir le hastuithe truailleán ó fheithiclí bóthair a laghdú — COM(2014) 28 final), cuireadh an plé maidir leis an nGníomh seo siar go dtí tráth níos faide anonn.

93. **Gníomh 99,** Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 maidir le táirgí cosmaideacha: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (Rogha 2)) i dtaca le roinnt cásanna. Maidir leis an gcumhachtú i gcásanna eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme nó go mbainfeadh sí an cumhachtú.

94. Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht na moltaí riachtanacha maidir le dréachtú, lena léirítear na hathruithe a leagtar amach thuas ar Roinn VIII, a scaipeadh ar ball.

ROINN X: CEARTAS AGUS TOMHALTÓIRÍ

95. **Gníomh 100**, Treoir 92/85/CEE ón gComhairle maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche (an deichiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus an nós imeachta práinne á choinneáil. Ina theannta sin, na barúlacha cothrománacha a raibh feidhm acu i Roinn IV: Chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta iarratas isteach le haghaidh an ghnímh seo freisin.

96. **Gníomh 101**, Treoir 2008/48/CE maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/EC104 ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus teorainn cúig bliana le tarmligean na cumhachta ach athnuachan a bheith intuigthe (rogha 2).

97. Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht na moltaí riachtanacha maidir le dréachtú i dtaca le Roinn X, Ceartas agus Tomhaltóirí, a scaipeadh ar ball.

<u>ROINN XIII: CÁNACHAS AGUS AN tAONTAS CUSTAIM</u>

98. **Gníomh 168**, Cinneadh 70/2008/CE maidir le timpeallacht gan pháipéar i ndáil le custaim agus le trádáil: Chinn an Uachtaránacht go sealadach gan aon leasuithe a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún an cumhachtú a scriosadh ionas gur féidir bogadh ar aghaidh.

**IV. CONCLÚIDÍ**

99. Measann an Uachtaránacht go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir leis an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-oiriúnaítear roinnt gníomhartha dlíthiúla, lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, d'Airteagal 290 agus d'Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le bearta sealadacha tacaíochta le haghaidh cur chuige ginearálta maidir le hairteagail ghinearálta den togra thuasluaite, chomh maith leis na deich roinn den Iarscríbhinn a ghabhann leis.

100. Is céim mhór chun tosaigh í seo chun na cuspóirí sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a bhaint amach, go háirithe an gá atá le tús áite a thabhairt don ailíniú pras ar na gníomhartha bunúsacha uile lena dtagraítear fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, gá a aithníonn na trí institiúid (mír 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr).

Iarrtar <u>ar COREPER agus ar an gComhairle</u> an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht thuasluaite a thabhairt dá n-aire.